*Uimhir* 32 *de* 1999

# AN tACHT DEOCHANNA MEISCIÚLA, 1999
[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Díolúine mhílaoise.

2. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| An tAcht Deochanna Meisciúla, 1962 | 1962, Uimh. 21 |
| An tAcht Deochanna Meisciúla, 1988 | 1988, Uimh. 16 |
| Na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 1997 | |
| Achtanna Clárú na gClubanna, 1904 go 1995 | |

*Uimhir* 32 *de* 1999

# AN tACHT DEOCHANNA MEISCIÚLA, 1999

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA CEADÚNÚCHÁIN, 1833 GO 1997, DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ ACHTANNA CLÁRÚ NA gCLUBANNA, 1904 GO 1995, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA. [15 *Nollaig*, 1999]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Díolúine mhílaoise.

**1.**—(1) D'ainneoin aon fhorála de na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 1997, a bhaineann le tráthanna toirmiscthe, is dleathach do shealbhóir ar-cheadúnais—

(*a*) aon deoch mheisciúil a dhíol nó a thaispeáint lena díol in aon áitreabh, nó in aon chuid d'áitreabh, lena mbaineann an ar-cheadúnas, nó

(*b*) an t-áitreabh sin a choinneáil ar oscailt chun deochanna meisciúla a dhíol, nó

(*c*) a cheadú aon deoch mheisciúil a ól san áitreabh sin,

aon tráth nó tráthanna idir a haon déag a chlog tráthnóna an 31ú lá de Nollaig, 1999, agus leathuair tar éis a haon ar maidin an 1ú lá d'Eanáir, 2000.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* den alt seo maidir le clubanna arna gclárú faoi Achtanna Clarú na gClubanna, 1904 go 1995, ar an modh céanna atá feidhm aige maidir le sealbhóirí ar-cheadúnas faoi na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 1997.

(3) Beidh feidhm ag alt 7 (a bhaineann leis an am chun deoch mheisciúil a sholáthrófar i rith tráthanna ceadaithe a ól) den Acht Deochanna Meisciúla, 1962, arna leasú le halt 27 den Acht Deochanna Meisciúla, 1988, maidir leis an alt seo le héifeacht ó dheireadh na tréimhse ama dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* den alt seo.

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

**2.**—(1) Féadfar an tAcht Deochanna Meisciúla, 1999, a ghairm den Acht seo.

(2) (*a*) Féadfar na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 1999, a ghairm le chéile de na hAchtanna Ceadúnúcháin 1833 go 1997, agus, a mhéid a leasaítear nó a leathnaítear na hAchtanna sin leis an Acht seo, den Acht seo agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

(*b*) Féadfar Achtanna Clárú na gClubanna, 1904 go 1999, a ghairm le chéile d'Achtanna Clárú na gClubanna, 1904 go 1995, agus, a mhéid a leasaítear nó a leathnaítear na hAchtanna sin leis an Acht seo, den Acht seo agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.